



Treoirínte maidir le húsáid chuí a bhaint as an Deontas DEIS i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna DEIS

“Táthar ag súil go dtugann scoileanna a fhaigheann tacaíocht agus acmhainní breise trí pháirt a ghlacadh i DEIS tacaíocht don Phlean Gníomhaíochta DEIS trí phróiseas córasach pleanála agus monatóireachta ar leibhéal scoile aonair agus ar leibhéal cnuasaigh scoile/pobail. Meastar gur gné thábhachtach den phróiseas pleanála í rannpháirtíocht daltaí, tuismitheoirí, pobal áitiúil agus gníomhaireachtaí a fheidhmíonn ar leibhéal áitiúil. Táthar ag súil go bhforbróidh scoileanna Pleananna Gníomhaíochta a dhíríonn ar na réimsí seo a leanas: tinreamh, coinneáil, dul chun cinn oideachasúil, an litearthacht agus an uimhearthacht, gnóthachtáil scrúdaithe (ag an dara leibhéal), comhpháirtíocht tuismitheoirí agus pobail, comhpháirtíocht idir scoileanna agus naisc le gníomhaireachtaí seachtracha. Ba chóir dul chun cinn maidir le forfheidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta seo a choinneáil faoi athbhreithniú agus iad a choigeartú i bhfianaise taithí”.

(Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna DEIS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015, agus Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin in Iar-Bhunscoileanna DEIS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015)

Príomhfhócas is ea leanúint ag cinntiú go ndíreofar tacaí DEIS, an Deontas DEIS san áireamh, ar na daltaí sin is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais. Meabhraítear arís do na scoileanna uile an tábhacht atá leis an bpróiseas pleanála faoi na príomhthéamaí sa liosta thíos, mar a éilítear faoi DEIS. Mar a luaitear in Imlitir 0039/2016 ón Roinn: *Leanúnachas le Féinmheastóireacht Scoile a chur i bhFeidhm 2016-2020*, “Is gá do scoileanna sa chlár DEIS pleananna feabhsúcháin trí bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar choinníoll dá bpáirteachas i DEIS. **Is iad na pleananna seo plean feabhsúcháin na scoile don fhéinmheastóireacht scoile, agus níl gá le haon phlean feabhsúcháin breise ná leithleach.**”

Seo a leanas téamaí a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu:

- Tinreamh
- Coinneáil
- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Ag Tacú le hAistrithe Oideachais
- Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile
- Ceannaireacht
- Folláine
- FGL
- Torthaí acadúla (iar-bhunscoile amháin)

Ceanglaítear ar scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS Plean Gníomhaíochta trí bliana le haghaidh Feabhsúcháin a leagan amach. Mar chuid den phróiseas sin, iarrtar ar scoileanna spriocanna sonracha, intomhaiste, inghnóthaithe, réadúla agus amshonracha a leagan síos agus na spriocanna sin a mheas gach bliain trí mhonatóireacht a dhéanamh ar thionchar na ngníomhartha a rinneadh sna príomhthéamaí DEIS atá leagtha amach thíos.

Ba chóir an Deontas DEIS a úsáid chun na spriocanna atá leagtha síos i bPlean Gníomhaíochta DEIS na scoile a bhaint amach ar fud na dtéamaí difriúla DEIS. Maidir leis sin, ba chóir acmhainní airgeadais a spriocdhírú ar na daltaí aonair sin a mheastar a bheith ar na daltaí **is mó atá i mbaol** agus ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí fhreagra spriocdhírthe.

1. An Litearthacht agus an Uimhearthacht – Riachtanais na ndaltaí is mó atá i mbaol a shainaithint agus straitéisí agus bearta spriocdhírthe a fhorbairt chun leibhéal litearthachta agus uimhearthachta a ardú.

2. Teagmháil Bhaile, Scoile agus Phobail (TBSP) agus Comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le daoine eile – I gcás scoileanna DEIS atá páirteach sa Scéim TBSP, imríonn an Comhordaitheoir TBSP ról ríthábhachtach maidir le tacú le Plean Gníomhaíochta DEIS na scoile a fhorbairt, a chur chun feidhme, a mheas agus a athbhreithniú, go háirithe maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn trí ról a thabhairt dóibh i bhfoghlaim a leanaí agus maidir lena muinín agus lena gcumas a fhorbairt mar bhunoideoirí.

3. Tinreamh Scoile – Riachtanais na ndaltaí is mó atá i mbaol a shainaithint agus straitéisí agus bearta spriocdhírthe a fhorbairt chun leibhéal tinrimh scoile a ardú.

4. Dul Chun Cinn Oideachasúil, Gnóthachtáil i Scrúduithe (i gcás daltaí dara leibhéal) agus Coinneáil Scoile – Riachtanais na ndaltaí is mó atá i mbaol a shainaithint agus straitéisí agus bearta spriocdhírthe a fhorbairt chun dul i ngleic le luathfhágáil scoile agus chun leibhéal dul chun cinn oideachasúil, leibhéal ghnóthachtála i scrúduithe (i gcás daltaí dara leibhéal) agus leibhéal choinneála a ardú. Áirítear cláir amháil cláir aistrithe agus mheantóireachta leis na straitéisí agus leis na bearta sin.

“Mar atá leagtha amach i bplean gníomhaíochta DEIS, baineann an choinneáil lena chinntiú go bhfanann daltaí sa chóras scolaíochta go dtí go gcuirfead an Ardteistiméireacht i gcrích. Baineann dul chun cinn lena chinntiú go n-éiríonn le daltaí aistriú ó leibhéal amháin scoile go chéile; bíodh sé ó bhunscoileanna sóisearacha go bunscoileanna sinsearacha nó ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Ag an gcuid is mó de bhunscoileanna, níl aon fhadhb ag baint le daltaí a choinneáil ó naionáin shóisearacha go rang a sé agus dul chun cinn go dtí an dara leibhéal agus, mar sin de, d’fhéadfadh sé nach cuid lárnach de phróiseas pleanála DEIS na scoile í an phleanáil gníomhaíochta le haghaidh feabhsúcháin sna réimsí seo.” (Ag Breathnú ar Phleananna Gníomhaíochta le hAghaidh Feabhsúcháin i mBunscoileanna DEIS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015)

5. Comhpháirtíocht – Straitéisí a fhorbairt chun cur le leibhéal na rannpháirtíochta agus na comhpháirtíochta a bhíonn ann idir scoileanna, tuismitheoirí agus an pobal agus leis na naisc a bhíonn ann le gníomhaireachtaí seachtracha.

Ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh i ngach ceann de na téamaí seo a leanas:

- na daltaí is mó atá i mbaol a shainaithint chun gur féidir acmhainní breise a spriocdhíriú orthu
- riachtanais na ndaltaí spriocdhírithé a shainaithint
- na réimsí tosaíochta gníomhaíochta a shainaithint chun freastal ar riachtanais na ndaltaí spriocdhírithé
- na torthaí inmhianaithe a shainaithint chun freastal ar riachtanais na ndaltaí spriocdhírithé
- riachtanas leanúnach a shainaithint d'Fhorbairt Ghairmiúil (FGL)
- idirghabhálacha lena mbainfear na torthaí inmhianaithe amach a shainaithint agus a chur i bhfeidhm

Caiteachas a Bhaineann le Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail

I gcás scoileanna DEIS atá páirteach i Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (Scéim TBSP), ceanglaítear orthu 10% ar a laghad den Deontas bliantúil DEIS do gach scoil a leithdháileadh ar an gComhordaitheoir TBSP lena úsáid ar ghníomhaíochtaí TBSP. I gcás nach leor 10% den Deontas chun freastal ar na gníomhaíochtaí lena mbaineann, ba chóir don scoil í féin a chinneadh cén méid cistiúcháin ón Deontas DEIS is ceart a chur ar fáil chun an tseirbhís TBSP a oibriú. Mar aon leis na speansais taistil a bhíonn á n-íoc le Comhordaitheoirí TBSP faoi láthair, ba chóir speansais taistil na gComhordaitheoirí TBSP a fhreastalaíonn ar Chláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí (FGL) arna n-eagrú ag an tSeirbhís Leasa Oideachais in Tusla a éileamh ón Deontas DEIS. Tá na rátaí laghdaithe míléáiste mótaí i bhfeidhm maidir le freastal ar chúrsaí FGL den sórt sin. Is féidir an ráta míléáiste is infheidhme a íoslódáil ó www.circulars.gov.ie. Iarrtar ar scoileanna DEIS atá páirteach sa Scéim TBSP faisnéis a chur ar fáil don Roinn gach bliain faoi chaiteachas TBSP, lena n-áirítear faisnéis faoi Chuspóirí, Spriocanna, Gníomhaíochtaí agus Torthaí faoi TBSP.

Caiteachas Áiseanna Scoile a Bhaineann le DEIS

Ag eascairt as gníomhaíochtaí a bhaineann le DEIS, is féidir foirgnimh aonair scoile a oscailt níos luaithe sa lá nó fanacht ar oscailt níos déanaí sa tráthnóna, e.g. chun freastal ar chlubanna. Is féidir cuid den Deontas breise DEIS a úsáid chun freastal ar chostais choimhdeacha amháil muirir théimh, muirir shoilsithe agus muirir ilghnéitheacha de chineálacha eile a thagann as an gcineál gníomhaíochta sin. Ba chóir na costais sin a bheith nasctha leis na príomhghníomhaíochtaí atá liostaithe i bpointí 1-5 thuas, e.g. an costas a bhaineann le téamh agus le soilsiú do chlubanna bricfeasta a bhíonn á bhfeidhmiú chun tinreamh scoile a chur chun cinn. (Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Áiseanna Scoile a Chomhroinnt leis an bPobal, féach Ciorclán M18/05 d'Iar-Bhunscoileanna agus Ciorclán 16/05 do Bhunscoileanna ag www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/m18_05_prim16_05.doc.)

Bainistíocht agus maoirseacht ar Chistí

Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna -

De réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998, iarratar ar scoileanna taifead a choinneáil ar na gníomhaíochtaí uile a dtugtar fúthu agus ar na hábhair agus ar na hacmhainní uile a cheannaítear le deontais.

Ba chóir cuntais ar ioncam agus ar chaiteachas a choinneáil sa scoil agus ba chóir iad a chur ar fáil, má iarrtar agus nuair a iarrtar, d'oifigigh de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus/nó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcloífead le Ciorclán13/2014, Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Státhiste. Féach ar: <https://govacc.per.gov.ie/wp-content/uploads/DPER-Circular-13-14-Guidance-Note-and-Reporting-Requirements-1.pdf>

Ba chóir go mbeadh scoileanna ar an eolas go bhfuil cuntais faoi réir iniúchta. I bhfianaise sin, ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh leis an luach is fearr ar airgead a chinntiú agus dea-chleachtais airgeadais a ghlacadh d'fhonn a bheith ábalta an tAcht agus na himlitreacha cuí a chomhlíonadh. Tá seirbhísí an Aonaid Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais (www.fssu.ie) ar fáil ina leith seo má tá comhairle de dhíth ort maidir le cúrsaí dá leithéid.

Scoileanna BOO -

I gcomhréir le hAlt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iarrann an Roinn go gcoinneofaí cuntais ioncaim agus caiteachais na BOOnna agus go gcuirfí ar fáil iad d'oifigigh na Roinne Oideachais agus Scoileanna ó am go ham.

Ba chóir do scoileanna na nithe seo a leanas a bhreithniú le linn dóibh cistí DEIS a chaitheamh:

An mbaineann an mhír/an tseirbhís leis na gníomhartha atá liostaithe sa Phlean Scoile?

An gcabhróidh ceannach nó úsáid na míre/na seirbhíse leis na spriocanna atá sa Phlean Scoile a bhaint amach? Conas a chabhróidh sé leis na torthaí a bhaint amach agus an féidir torthaí den sórt sin a thomhas?

An bhfuil an mhír/an tseirbhís ar fáil faoi scéim atá ann cheana?

Le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar chistí a chaitheamh ón deontas DEIS, ba chóir do scoileanna scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí agus ar thacaí eile chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon scéimeanna nó cláir thacaíochta atá ann cheana ar fáil. Seo a leanas samplaí de na scéimeanna/de na cláir thacaíochta a d'fhéadfaí a bhreithniú:

Éidí Scoile – Deontas ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Billí Fónais – Ba chóir cistiú deontais chaipitíochta a úsáid chun freastal ar na billí seo (ach amháin i gcás na gcostas a bhaineann leis an scéim DEIS a réachtáil lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile)

Béilí Scoile – Scéim béilí scoile na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach don Fhoireann – An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

Leabhair Scoile – Deontas méadaithe leabhar scoile do Scoileanna DEIS ón Roinn Oideachais agus Scoileanna

Foirgnimh/TFC – Tá Deontas Mionoibreacha agus Deontas Bonneagair TFC ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scoileanna

Teicneolaíocht Oiriúnaitheach – Tá Scéim Teicneolaíochta Oiriúnaithe ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scoileanna.

Ba chóir do scoileanna féachaint le hobair i gcomhar le húdaráis áitiúla freisin chun soláthar seirbhíse a fheabhsú agus chun dúbailt acmhainní a sheachaint.